**Feidhm:** **Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi cé a dhéanann obair tí**
**Ag déanamh cur síos ar obair an tí**

**Bileog 9.1, Bileog 9.2, Bileog 9.3 agus Bileog 9.4**

- Cuir gach beirt ag obair le chéile agus scaip **Bileog 9.1** orthu. Abair leo go mbeidh siad ag caint leis an duine in aice leo faoi obair an tí agus go bhfuil na briathra agus na hainmfhocail ann le cuidiú leo.
- Mínigh dóibh go mbeidh siad ag déanamh cur síos chomh maith ar cad a dhéanann na daoine eile atá ina gcónaí sa teach leo.
- Ba cheart go mbeadh na habairtí mar seo:

  - *Glanaimse an teach den chuid is mó ach déanann Seán an dinnéar de ghnáth.*
  - *Ním na soithí i gcónaí.*
  - *Tá mé i mo chónaí liom féin. Mise mar sin a dhéanann gach rud - gearraim an féar agus gach rud.*

- Tabhair seans don rang ansin éisteacht leis an téip agus cuir ar siúl é faoi dhó.
- Pléigh na freagraí leis an rang ar fad ansin.
-  Is é an t-ainm briathartha atá i gceist. Is leor ag an phointe seo a rá go gcuirtear (e)adh le fréamh an bhriathair sa chéad réimniú - mar shampla – glanadh. Athraíonn –aigh go **ú** agus –igh go **iú** sa dara réimniú. Mínigh chomh maith nach bhfuil anseo ach treoir an-gharbh ar fad ach
- go mbeidh go leor samplaí den ainm briathartha ann amach anseo.

-  Tabhair seans do gach beirt plé a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le cúrsaí gramadaí. Beidh tuairimí éagsúla ag daoine éagsúla agus is maith sin.
- Abair le gach beirt a dtuairimí a nochtadh faoin dúil atá acu in obair an tí. Tá an dá abairt ann le cuidiú leo.
- Pléigh na tuairimí le gach duine sa rang ansin.
- Ceartaigh botún ar bith a chluineann tú.

- Tabhair **Bileog 9.2** do gach beirt.
- Mínigh dóibh go gcaithfidh siad pictiúr an duine a roghnú agus gur seomraí éagsúla ina dtithe féin iad na pictiúir.
- Caithfidh siad cur síos a dhéanamh dá chéile ar an obair ar fad atá le déanamh acu. Ba cheart go mbeadh a bhfuil le rá acu mar seo:

  *Pictiúr A – Duine A*
  - *Tá orm na cuirtíní a oscailt.*
  - *Caithfidh mé na páipéir ar fad a eagrú.*
  - *Caithfidh mé na ballaí a ní agus a phéinteáil.*
  - *Tá orm na seilfeanna a chur in ord.*
  - *Caithfidh mé na héadaí a eagrú.*
  - *Caithfidh mé an seanríomhaire a chaitheamh amach.*
  - *Tá orm an t-urlár a ní.*

- *Tá orm an bruscar ar fad a chaitheamh amach.*

*Pictiúr B – Duine B*

- *Tá orm an fhuinneog a ghlanadh.*
- *Caithfidh mé an bruscar ar fad a chaitheamh amach.*
- *Caithfidh mé na ballaí a ní agus a phéinteáil.*
- *Tá orm na seilfeanna a chur in ord.*
- *Caithfidh mé na héadaí a eagrú.*
- *Caithfidh mé na buidéil/na searróga ar fad a chaitheamh amach nó a eagrú.*
- *Tá orm an doirteal a ní.*
- *Caithfidh mé gach rud a chur i mboscaí.*

- Nuair atá gach beirt críochnaithe ag labhairt faoi na pictiúir iarr orthu ansin cur síos a dhéanamh dá chéile ar cad atá le déanamh acu ina dtithe féin.
- Iarr ar dhaoine éagsúla cur síos a dhéanamh ar na pictiúir agus ar dhaoine eile cur síos a dhéanamh duit ar cad atá le déanamh acu féin.

- Scaip **Bileog 9.3** ar an rang agus mínigh dóibh gur tógadh an píosa ó láithreán Gréasáin ESB (nó an Bord Soláthair Leictreachais).
- Abair leo gur pointí eolais atá ann faoin dóigh le fuinneamh sa teach a chaomhnú ar mhaithe leis an timpeallacht agus ar mhaithe le hairgead a shábháil.
- Cuir gach beirt ag obair le chéile ar an phíosa a léamh le chéile. Tá sainmhínithe Gaeilge ar na focail dheacra le fáil faoin téacs mar chuidiú.
- Ansin léigh thusa na ráitis 1-4 leis an rang iomlán le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud.
- Tabhair seans do gach duine a m(h)achnamh a dhéanamh faoi na ráitis le feiceáil an bhfuil siad fíor fá dtaobh daoibh féin.
- Ansin cuir gach triúr le chéile le plé a dhéanamh ar na ráitis agus le feiceáil cé chomh coigilteach is atá siad ag caomhnú fuinnimh.
- Déan plé leis an rang iomlán ansin ar na ráitis.
- Abair leo go mbeidh siad ag éisteacht le Pól ag déanamh cur síos ar na hathruithe ar fad atá déanta aige féin sa teach le hairgead a shábháil. Mínigh dóibh go bhfuil trí phointe le breacadh síos acu.
- Cuir an téip ar siúl faoi dhó.
- Pléigh na freagraí leis an rang ar fad.

- Scaip **Bileog 9.4** agus mínigh dóibh gur foirm í a bhí le fáil ar shuíomh idirlín Bhord Soláthair an Leictreachais le seans a fháil laethanta saoire a bhuachan.
- Tabhair seans do gach duine an fhoirm a líonadh. Abair leo a n-uimhreacha cuntais a chumadh ar mhaithe leis an ghníomhaíocht.
- Bí thusa thart le cuidiú leo agus ceist ar bith a fhreagairt.
- Nuair atá na foirmeacha líonta acu cuir gach beirt le chéile agus abair leo a gcuid foirmeacha a chur i gcomparáid le chéile agus na ceisteanna ag bun an leathanaigh a chur ar a chéile.
- Iarr ar chúpla duine sa rang na foirmeacha a líon siad a léamh amach os ard.

© Ollscoil Mhá Nuad 

**Feidhm:** **Ag cur ceiste ar dhuine/dhaoine cad a dhéanann siad ag amanna faoi leith agus ag freagairt na ceiste sin**

**Bileog 9.5 agus Bileog 9.6**

- Scaip **Bileog 9.5** ar an rang agus cuir gach beirt ag obair le chéile.
- Mínigh dóibh go gcaithfidh siad ceisteanna a chumadh bunaithe ar na focail i gcló dubh sna freagraí:

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Freagra: | **Is maith** le Siobhán a bheith ag siopadóireacht. |
| | *Ceist:* | *An maith le Siobhán a bheith ag siopadóireacht?* |
| 2. | Freagra: | **Ní cheannaím** bainne úr gach lá. |
| | *Ceist:* | *An gceannaíonn tú bainne úr gach lá?* |
| 3. | Freagra: | Ním **an folcadán** gach lá. |
| | *Ceist:* | *Cad a níonn tú gach lá?* |
| 4. | Freagra: | Déanaim **obair bhaile** leis na páistí gach tráthnóna. |
| | *Ceist:* | *Cad a dhéanann tú leis na páistí gach tráthnóna?* |

- Léigh an abairt - *Casaim le mo chuid deirfiúracha le haghaidh lóin gach Máirt de ghnáth* agus mínigh do gach beirt go gcaithfidh siad na bearnaí sna boscaí a líonadh le focail ar nós na bhfocal atá iontu cheana féin.

| | |
|---|---|
| deartháir/deartháireacha<br>garpháiste/garpháistí<br>gariníon/gariníonacha<br>garmhac/garmhic<br>páirtí (mo pháirtí)<br>col ceathrar/col ceathracha<br>cara/cairde | ar maidin<br>san iarnóin<br>tráthnóna<br>san oíche<br>uair/dhá uair/cúpla uair sa tseachtain/ sa choicís/sa mhí/sa bhliain |

-  Cuirtear séimhiú ar 'cuid' mar tagann séimhiú tar éis **mo** i gcónaí (ach amháin má thosaíonn sé le guta). Cuirtear an t-ainmfhocal a leanann é sa tuiseal ginideach (ní gá ach aird na bhfoghlaimeoirí a tharraingt air seo – ní gá am a chaitheamh leis). Féach ar na samplaí:

  *mo chuid deartháireacha*
  *mo chuid garpháistí*
  *mo chuid gariníonacha*
  *mo chuid garmhac*
  *mo chuid col ceathracha*
  *mo chuid cairde*

- Tabhair seans do gach beirt píosa beag cainte a dhéanamh faoi cad a dhéanann siad le linn gnáthsheachtaine.
- Cuir ceist ar dhaoine éagsúla cur síos a dhéanamh duit ar na rudaí éagsúla a dhéanann siad le linn seachtaine.

- Abair leo go mbeidh siad ag éisteacht le Deirdre Learmont anois ag déanamh cur síos ar cad a dhéanann sí i ngnáthsheachtain ina saol féin.
- Cuir an téip ar siúl faoi dhó agus iarr ar dhaoine éagsúla ansin na rudaí a dhéanann sí a sholáthar duit.

- Scaip **Bileog 9.6** ar an rang agus abair leo go mbeidh siad ag siúl timpeall an ranga ag cuardach daoine a dhéanann na rudaí éagsúla sa cholún ar chlé.
- Déan druil leis an rang ag cleachtadh na mbriathra sa cholún ar chlé chun go mbeidh siad compordach ag cur agus ag freagairt na gceisteanna.
- Tabhair tamall maith dóibh ansin an ghníomhaíocht a dhéanamh.
- Cuir thusa ceisteanna ar an rang nuair a bheidh siad críochnaithe i.e. – *Cé a théann go dtí an spórtlann cúpla uair sa tseachtain?*
- Ansin iarr ar gach beirt na fíricí beaga amaideacha 1-5 faoi na daoine cáiliúla sa chiorcal a cheangal leis an duine ceart.
- Déan plé ar fhíricí eile atá ar eolas acu faoi dhaoine cáiliúla.

***Freagraí:***

*1. Ní chaitheann an duine seo díbholaíoch go deo.* ***Julia Roberts***
*2. Éisteann an bhean chlúiteach seo le ceol Britney Spears nuair a bhíonn sí sa spórtlann.* ***Madonna***
*3. Is breá leis an duine seo galf agus cártaí a imirt ar bhonn laethúil.* ***Daniel O'Donnell***
*4. Ólann an duine seo trí dheoch mheisciúla gach tráthnóna.* ***Banríon Shasana***
*5. Téann an duine seo go dtí an spórtlann gach lá sa tslí go mbeidh cruth deas ar a tóin go deo.* ***Eva Longoria***

**Feidhm:** **Ag cur ceiste ar dhuine/dhaoine an bhfuil scéal nuachta ar bith acu**
**Ag déanamh cur síos ar rudaí a tharla**
**I ndiaidh drochscéal a chloisteáil**
**I ndiaidh dea-scéala a chloisteáil**

**Bileog 9.7 agus Bileog 9.8**

- Cuir gach beirt ag obair le chéile agus scaip **Bileog 9.7** orthu.
- Abair leo a machnamh a dhéanamh ar na bealaí éagsúla atá ann le ceist a chur ar dhuine an bhfuil nuacht ar bith aige/aici. Samplaí:

  *An bhfuil nuacht ar bith agat?*
  *An bhfuil scéal ar bith agat?*
  *Scéal ar bith?*
  *Aon rud iontach?*
  *Aon scéal?*

- Abair leo ansin dea-scéalta ar bith gur féidir leo smaoineamh orthu a bhreacadh síos - mar shampla:

  *D'éirigh liom sa scrúdú tiomána.*

*Rugadh leanbh beag do mo chara Máire inné.*
*Phós mo dheirfiúr an deireadh seachtaine seo caite.*
*Fuair mé post nua an mhí seo caite.*

- Abair leo ansin drochscéalta ar bith gur féidir leo smaoineamh orthu a bhreacadh síos - mar shampla:

  *Chaill Micheál a phost le gairid.*
  *Fuair col ceathrar liom bás i Meiriceá le gairid .*
  *Níor éirigh liom sa scrúdú iontrála.*
  *Theip orm sna scrúduithe.*

- Iarr ar gach beirt plé a dhéanamh ar na nathanna cainte sa chiorcal corcra (ar dheis). Abair leo samplaí a dhéanamh le chéile leis na nathanna a mhíniú. Mar shampla:

  \- *D'éirigh liom sa scrúdú!*
  \- *Comhghairdeas.*

-  Tabhair seans do gach beirt smaoineamh ar nathanna cainte eile atá ar eolas acu agus iad a phlé le chéile.
-  Tabhair seans don bheirt anois plé a dhéanamh le chéile ar an obair a dhéanann siad ar an Ghaeilge taobh amuigh den seomra ranga.
- Abair leo go mbeidh siad ag éisteacht le ceithre chomhrá ar an téip anois agus go gcaithfidh siad na píosaí nuachta a chloiseann siad a bhreacadh síos sa bhosca.
- Cuir an téip ar siúl faoi dhó.
- Pléigh na freagraí leis an rang ar fad.
- Cuir an téip ar siúl arís más mian leo é.
- Iarr orthu an dá cheist sa bhosca ag bun an leathanaigh a dhéanamh ansin. Caithfidh siad ar dtús smaoineamh ar eachtraí a tharla ina saol féin agus ansin na heachtraí sin a úsáid mar nuacht chun plé a dhéanamh leis an duine in aice leo.
- Nuair atá píosa maith cainte déanta acu iarr ar dhaoine éagsúla a gcomhráite a rá amach os ard.

- Scaip **Bileog 9.8** ar gach beirt arís.
- Tabhair tamall dóibh Gaeilge a chur ar an chárta.




Comhghairdeas! Anois, déan arís é tar éis duit é seo a ól agus gheobhaidh tú ceadúnas tiomána.

- Cuir gach triúr le chéile ansin leis na ceisteanna a phlé le chéile faoi thiomáint in Éirinn. Mínigh dóibh go bhfuil na ceisteanna deacair go leor ach abair leo a bhfuil le rá acu a rá chomh simplí agus is féidir.
- Bí thusa thart le cuidiú leo, beidh stór focal áirithe de dhíth orthu.

-  Is réimíreanna iad.
  **dea-** Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal a leanann é agus bíonn fleiscín ann i gcónaí.
  **droch-** Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal a leanann é agus ní bhíonn fleiscín ann ach amháin má thosaíonn an t-ainmfhocal ina dhiaidh le 'ch'.

- Tabhair seans dóibh an réimír cheart **dea-** nó **droch**- a roghnú agus na rialacha cearta a chur i bhfeidhm leis na focail:

  *dea-aimsir, drochaimsir*
  *drochhthimpiste*
  *dea-chomhrá, droch-chomhrá*
  *dea-chomhartha, droch-chomhartha*
  *dea-mhúinteoir, drochmhúinteoir*
  *dea-aithne*

-  Súil siar atá anseo ar an- agus ró(-).
- **an-** Tagann séimhiú ina dhiaidh ach amháin nuair a leanann guta é nó má thosaíonn an t-ainmfhocal le **d, t, l, s** nó **n**. Bíonn an fleiscín ann i gcónaí: *an-mhaith, an-sásta, an-olc.*
- **Ró (-)**Tagann séimhiú ina dhiaidh ach amháin nuair a leanannguta é. Ní bhíonn fleiscín ann ach amháin nuair a thosaíonn an t-ainmfhocal ina dhiaidh le guta: *rómhaith, róshásta, ró-olc.*

 - Abair leo píosa a scríobh don chéad rang eile agus go gceartóidh tú dóibh é.